

Glór Cheatharlach

Naomh Pádraig, Aspal Mór na hÉireann

INA bhuaicailí óg a bhí sé nuair a tháinig Pádraig go hÉirinn ar dtús. Rugadh sa Bhreatain Bheag é sa bhliain 387. Lá amháin agus é ag imirt lasmuigh faoin aer, deirtear gur sciob an Rí Niall Naoi nGiallach é agus tugadh go hÉirinn é. Díoladh mar sclábháí é le feirmeoir darbh ainm Milliúc. Chaith Pádraig tamall ag aoireacht caorach ar Shliabh Mis i gContae Aontroma. Bhí sé óg, eaglach agus uaigneach. Bhí ocras air go minic agus uaireanta ní raibh le n-ithé aige ach bia na n-ainmhithe. Bhíodh sé de shíor ag guí. Faoi dheireadh, d'éirigh leis éalú go dtí An Fhrainc. Chaith Pádraig tamall ag foghlaim chun a bheith ina shagart. Ní dhearna sé dearmad riamh ar mhuintir na hÉireann agus, ina thaibhreamh dó, chuala sé iad ag gaoch ar ais air. Sa bhliain 432 chuir an Pápa Ceilistín go hÉirinn é. Chuaigh sé go dtí Teamhair na Rí agus mhínigh sé an Chríostaíocht don Ard-Rí, Laoire. Thug an tArd-Rí cead dó an creideamh a mhúineadh do na Gaeil. Las Pádraig tine an chreidimh ar bharr Chnoc Sláine i gContae na Mí.

Thaisteal Pádraig timpeall na tíre ag craobhscaoileadh an chreidimh. D'iompaigh



sé mórán daoine chun na Críostaíochta. Bhaist sé iad ins na toibreacha ar a nglaothar Toibreacha Phádraig ó shin. Agus é ag múineadh rúndiamhar an chreidimh, phioc sé seamróg suas agus dúirt "Tá trí phearsa in aon Dia amháin faoi mar atá trí dhuilleog ar aon chos amháin."

Caitheann a lán daoine an tseamróg ar Lá Fhéile Pádraig. Deirtear gur chuir Pádraig an ruaig ar



GLUAIS:	GLOSSARY:
rugadh	born
sciob	snatch
sclábháí	slave
ag aoireacht	herding
uaigneach	lonely
de shíor	constantly
éalú	escape
creideamh	faith
rúndiamhar	mystery
seamróg	shamrock
nathracha nimhe	snakes
ag troscadh	fasting

na nathracha nimhe as an tír seo! Chaith sé daichead lá ag troscadh ar mhullach Chruach Phádraig i gContae Mhuigheo. Téann na sluaite ar oilithreach ann gach bliain.

Bíonn Lá Fhéile Pádraig ar an seachtú lá déag de Mhí an Mhárta, féile mhór i lár an earraigh. Is lá mór ceiliúrtha é agus caitheann daoine ar fud an domhain dath uaine. Lá mór é do na Gaeil go léir pé áit ar dhomhan ina mbíonn siad. Las Pádraig tine an chreidimh inár gcroíthe, tine nach múchfar go deo. Agus sinn ag ceiliúradh le dóchas ar Lá le Pádraig bíonn mórshuíl i ngach baile agus sráidbhaile nach mór. Bíonn paráid ollmhór i Nua Eabhrach.

Guíonn Glór Cheatharlach Beannachtaí na Féile Pádraig ar Ghaeil sa bhaile agus i bhfad i gcéin.

GLUAIS:	GLOSSARY:
tuistí/leanaí	parent/toddler
dátheangach	bilingual
líofa	fluent
san áireamh	included
eagraithe	organised
oiriúnach	suitable
go háirithe	especially

gach eolas ar fáil ó Emma i nGlór Cheatharlach ar (085) 1340047. Bígí linn do Sheachtain na Gaeilge ach go háirithe agus beidh fáilte roimh cách!


SPRAOI ag Tuistí agus Leanaí

TIOCFADH SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí/Leanaí, le chéile do Sheachtain na Gaeilge ar an Satharn seo chugainn, 16ú Márta ag 11 a chlog ar maidin. Bunaíodh SPRAOI an samhradh seo caite agus tagann an grúpa le chéile gach dara Dé Sathairn in Ionad Phobal Darach Úr.

Bíonn tae agus caife do na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí ag spraoi. Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh

éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spráúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach díreach suim agus sásta triail a bhaint aisti!

Costas €3 an chlann a bhíonn le n-íoc agus bíonn tae/caifé/ brioscaí chomh maith le sú do na páistí san áireamh sa costas sin. Eagraithe i gcomhar le Comhlúadar Teo tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 bliana d'aois. Tá



Leids mar Dhaidis

TÁ sraith nua de chlár dar teideal "Leids mar Dhaidis" á chur le chéile ag an gcomhlacht teilifíse Good Company Productions. Beidh na sé chlár sa tsraith le feiceáil ar TG4 sa fóimhar. I láthair na huairé tá an comhlacht ag lorg triúr fear atá le bheith ina ndaidithe go luath. Leanfaidh na clár an triúr ins an am roimh saolú a leanaí agus ag tús a dtréimhsí mar dhaidithe. Beidh le feiceáil conas mar a nglacfaidh siad lena stádas nua agus cén tacaíocht a thabharfaidh siad dá bpáirtnéirí i rith an ama. Caitheadh Gaeilge a bheith ag an triúr fear. Tá na sonraí uile ar an suíomh www.goodcompany.ie.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

GLUAIS:	GLOSSARY:
sraith	series
comhlacht	company
fóimhar	autumn
daidithe	fathers
tacaíocht	support
sonraí	details

Is Leor Beirt!

NÍL slua i gcónaí ag teastáil le daoine a chur ag labhairt i nGaeilge in áit ar bith ar domhan-is leor beirt! Tá Ciorcal Gaeilge nua dar teideal "Is Leor Beirt" le tosnú inniu an 12ú Márta i Leabharlann Chontae Cheatharlach, Sráid na Tulaí. Tugtar cuireadh do dhaoine bualadh isteach ann aon am ó 10.30-11.30r.n. gach maidin Mháirt i rith Mhí an Mhárta agus aimsir na Féile Pan Cheilteach.

Is í seo an chéad Chiorcal Gaeilge na Maidine i gCeatharlach agus is deis iontach í do dhaoine nach n-oireann na ciorcail san oíche dóibh ar chúiseanna éagsúla. Cuirfear fáilte roimh gach éinne idir chainteoirí líofa, foghlaiméoirí agus iad siúd ar

GLUAIS:	GLOSSARY:
is leor beirt	two is enough
slua	crowd
leabharlann	library
i rith	during
ciorcail	circle
líofa	fluent
foghlaiméoirí	learners
comhrá	conversation
comhlúadar	company
bain triail	as try it out

chúpla focal. Beidh caint, comhrá agus comhlúadar ann. Agus seans go mbeidh cupán tae ar fáil chomh maith! Buail isteach agus bain triail as do Ghaeilge.

Borris

CONTACT: BRIDGET DALTON AT THE CRISP CENTRE
TEL: 059 9771899

Get your bicycles ready for annual charity cycle

GOWLIN Cycling invites you to take part in its annual fundraiser for Multiple Sclerosis Ireland (Carlow Branch) on 18 March. Starting at the Mount Leinster Rangers' GAA field, registration is from 8.30am. The 90k cycle will start at 9.30pm. The 40k begins at 10am. Route for the 90k: includes a quick rolling route with only one significant hill, a category four climb between Thomastown and Graignamanagh. The 40km event will be cycled over a quick rolling route with no significant hills and is perfect for any casual cyclist looking for a challenge. Further more information, contact Tom Doran 087 2626009.

ST PATRICK'S DAY PARADE

St Patrick's Day is getting closer and plans are well under way. The organising committee is urging all business groups and individuals to make the effort to take part in this year's parade. The start time is 2pm at the vocational school and viaduct area. The parade will take its usual route, with the reviewing stand at the town hall. Stewards are needed and if you would like to help, please contact John Byrne on 087 9819906 or any committee member.

e-Edition
Same format as our
printed edition online



Sign up online at

www.carlow-nationalist.ie